

Eleathanach270

Dé Luain 25 Meán Fómhair 2017

Oíche Chultúir 2017

Bhí Oíche Chultúir 2017 ar siúl Dé hAoine seo caite. Bhí seans ag an bpobal freastal ar imeachtaí cultúrtha ar fud na hÉireann agus bhí an-chuid acu saor in aisce.

Chonaic daoine áiteanna nach bhfeiceann siad de ghnáth. Bhí iarsmalanna, leabharlanna, amharclanna agus go leor áiteanna eile ar oscailt agus thug sin seans do dhaoine an cultúr a bhlaiseadh agus a cheiliúradh.

Bhí *Punch & Judy* agus *Beauty & The Beast* ar siúl i Leabharlann na Tulaí Móire i gContae Uíbh Fhailí. Bhí imeacht ar siúl ag *Bádóirí an Chladaigh* i nGaillimh ó 5-8 i.n. Tháinig slua mór chun féachaint ar bháid éagsúla agus bhí ceol agus damhsa ar an gcé. Ba thráthnóna álainn a bhí ann.



Beidh orainn na cloig a chur siar uair an chloig ag deireadh Mhí Dheireadh Fómhair.

Fáilte roimh an bhFómhar!

Bhí conocht an fhómhair ann Dé Sathairn seo caite, an tríú lá is fiche de Mheán Fómhair (an 23 Meán Fómhair).

An lá sin bhí dhá uair an chloig déag de sholas an lae againn agus dhá uair an chloig déag den dorchadas. Beidh sé ag éirí dorcha níos luaithe anois.

Athróidh na cloig ag deireadh na míosa seo chugainn nuair a bheidh orainn na cloig a chur siar uair an chloig. Slán leis an Samhradh agus fáilte roimh an bhFómhar!

Peil na mBan

Bhí cluichí peile ar siúl i bPáirc an Chrócaigh Dé Domhnaigh. Bhí na mná ag imirt sna cluichí ceannais.

Bhí Baile Átha Cliath agus Maigh Eo ag imirt sa chraobh shinsir. Bhí slua mór i láthair - 46,000 duine.

Chaill Baile Átha Cliath trí huair cheana féin i gcoinne Chorcaí. Scóráil Sarah Mc Caffrey 2 chúl, agus scóráil Carla Rowe agus Niamh Mc Evoy cúl an duine.

An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche ná Baile Átha Cliath 4-11 : Maigh Eo 0-11.

